



Dáta: 07-2020

URL: <https://europa.eu/!jk99nI>

Is í an tuarascáil seo **tríú tuarascáil mheastóireachta na foirne comh-imscrúdaithe (JIT)** atá foilsithe ag Líonra na JITanna ó bhí 2014 ann. Tá dhá chaibidil inti.

I **gCaibidil 1** tugtar forbheathnú neamh-uileghabhálach ar **thorthaí ó 99 foirm mheastóireachta arna gcomhlánú ag cleachtóirí JIT idir mí na Samhna 2017 agus mí na Samhna 2019.**

Pléitear i **gCaibidil 2** go sonrach **eispéireas Eurojust in JITanna le tríú Stáit.**

Tugtar san achoimre feidhmiúcháin forbheathnú ar phríomhthorthaí praiticiúla na tuarascála seo maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus na dea-chleachtais a sainaitníodh.

Torthaí ón meastóireacht ar chomhfoirne imscrúdaithe

(a) Comhfoireann imscrúdaithe a bhunú

Na dúshláin sonracha a sainaitníodh:

- easpa imscrúduithe leanúnacha sna tíortha ábhartha;
- comhpháirtithe ábhartha JIT a shainaithint nuair a bhíonn naisc sa chás idir níos mó ná dhá thír;
- indéantacht agus toilteanas páirt a ghlacadh in JIT;
- leisce dul isteach i JIT iltaobhach lena mbaineann Stáit nach bhfuil aon naisc díreacha acu idir a gcuid imscrúduithe faoi seach;
- tosaíochtaí oibríochtúla éagsúla/leibhéil éagsúla imscrúduithe i dtíortha rannpháirteacha;
- comhpháirtithe ábhartha JIT a shainaithint nuair a bhíonn roinnt imeachtaí coiriúla ar siúl ar an leibhéal náisiúnta gan aon fhéidearthacht go ndéanfaí iad a chumasc;
- JIT a bhunú gan mhoill i gcásanna nuair a dhéantar an cinneadh JIT a bhunú gar don am a bhfuiltear ag súil leis go ndéanfaí gníomhartha.

Dea-chleachtas:

- eolas ar uirlis JIT: taithí roimhe seo i measc Stát nó údarás náisiúnta atá le bheith bainteach leis an JIT;
- comhaontú maidir le nós imeachta simplithe chun déileáil le hathruithe ar chomhaltaí JIT;
- ról éascaithe shaineolaithe náisiúnta JIT (comhordaitheoirí) sa phróiseas bunaithe;
- comtheanga oibre a úsáid chun dréacht-chomhaontú JIT a phlé;
- glacadh le comhaontú JIT i mBéarla in imeachtaí náisiúnta (ní gá aistriúchán a dhéanamh);
- plé ag am bunaithe JIT maidir le conas a dhéanfar anailís oibríochtúil agus cé a dhéanfaidh an anailís sin (Europol nó údarás náisiúnta);
- soiléiriú luath ar shaincheistanna dlí agus praiticiúla atá sa chéim réamh-JIT cheana féin; rannpháirtíocht Eurojust chun cúnamh agus comhairle a chur ar fáil.



(b) An chéim oibríochtúil

Na dúshláin sonracha a sainaitníodh:

- ceisteanna teanga, go háirithe easpa ama agus aistritheoirí i gcásanna ina bhfuil méid mór ábhair le haistriú nó teangacha neamhchoitianta;
- comhordú d'fhreagairt ar iarratais ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach (MLA)/Ordú Imscrúdaithe Eorpach (EIO) a fhaigheann páirtí amháin in JIT ag iarraidh fianaise a bailíodh laistigh den JIT a roinnt;
- spriocdhátaí éigeantacha éagsúla le haghaidh na n-imscrúduithe i bpáirtithe JIT a d'fhéadfadh cur isteach ar oibríochtaí;
- diúltú na Barántais Gabhála Eorpacha a fhorghníomhú de bharr choinníollacha príosún;
- difríochtaí sna ceanglais dhlíthiúla maidir le héisteachtaí íospartach agus finnétithe.

Dea-chleachtas:

- ról na n-oifigeach idirchaidrimh ó Stát JIT amháin curtha ar post sa Stát JIT eile: cumarsáid laethúil agus tuiscint níos doimhne ar shainiúlachtaí an chórais dlí chomh maith le cúlra cultúrtha agus sóisialta;
- úsáid mhodhanna agus uirlisí imscrúdaithe coiteanna/roinnte idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Stát lena mbaineann;
- infheictheacht na hoibre foirne do na daoine faoi a amhras a gabhadh;
- rannpháirtíocht saineolaithe ar leith (comhordaitheoir náisiúnta um gháinneáil dhaoine, Interpol, eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) atá tairbheach do thoradh an cháis;
- an chomhstraitéis a chur chun feidhme maidir le tacaíocht/cosaint íospartach na gáinneála (cur chuige ildisciplíneach, lena n-áirítear NGOanna, aireachtaí ceartais);
- breisluach an chomhfhaireachais agus na hanailíse fíor-ama ar idirghabhálacha i gcás gáinneála ar dhruaí i limistéar teorann;
- rannpháirtíocht leanúnach sa phlé chun na córais agus na riachtanais dhlíthiúla i dtíortha éagsúla a shoiléiriú;
- an fhéidearthacht atá ann an t-ateangaire/an t-aistritheoir céanna a úsáid le linn ghníomhaíochtaí JIT (aistriú gaireas cúléisteachta, ateangaireacht le linn na gcruinnithe) chun forbhreathnú níos fearr ar an gcás a éascú agus cur le héifeachtúlacht an chomhair;
- Cur chun feidhme maith prótacail den fhaisnéis agus den fhianaise a malartaíodh (ag úsáid Loga JIT).

(c) An chéim ionchúisimh

Dea-chleachtas:

- comhoibriú leanúnach le linn na céime ionchúisimh - tagairt in LORanna don JIT dúnta;
- comhoibriú leanúnach in JIT chun dul i ngleic le saincheisteanna praiticiúla/dlíthiúla/oibríochtúla le linn na céime ionchúisimh.



Taithí Eurojust ar chomhfoirne imscrúdaithe le tríú Stáit

- Meastar níos mó agus níos mó gur uirlis luachmhar le haghaidh comhar breithiúnach le tríú Stáit iad JITanna. Amhail deireadh 2019, bhí taithí gnóthaithe cheana féin ag 20 Ballstát AE in JITanna le rannpháirtíocht tríú Stát. Tagann sé chun solais ó chásobair Eurojust gur bunaíodh 74 JIT san iomlán agus tríú Stát amháin nó níos mó mar bhaill.
- Bunaíodh formhór na JITanna lena mbaineann tríú Stáit ar bhonn Airteagal 20 den Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1959. Baineadh úsáid freisin as Airteagal 19 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta mar bhunús dlí chun JITanna a bhunú.
- Chuir líonra domhanda Eurojust go mór le teagmhálacha a bhunú ag céim luath agus le bunú rathúil méadaithe JITanna le tríú Stáit. Go sonrach, bhí ról ríthábhachtach ag na hionchúisitheoirí idirchaidrimh a postáladh ag Eurojust. Ina theannta sin, bhí roinnt pointí teagmhála Eurojust páirteach i mbunú rathúil JITanna.
- Chuir Eurojust cúnamh oibríochtúil ar fáil ar feadh shaolré iomlán na JITanna le rannpháirtíocht tríú Stát. Le cruinnithe comhordúcháin Eurojust, cuirtear ardán luachmhar ar fáil chun plé a dhéanamh ar a oiriúnaí atá cás chun JIT a bhunú, chun comhaontú JIT a dhréachtú agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach oibríochtúil chun cinn. Bhain níos mó agus níos mó JITanna a bhfuil baint ag tríú Stáit leo leas as maoiniú Eurojust JIT. D'fhéadfadh údaráis náisiúnta breithniú a dhéanamh ar Ionad Comhordaithe a bhunú ag Eurojust chun tacú le laethanta comhghníomhaíochta, lena n-áirítear nuair a bhaineann an cás le tríú Stát amháin nó níos mó.
- Is í cumarsáid mhaith, rialta agus éifeachtúil – i dteanga oibre choiteann go hidéalach – an ghné is tábhachtaí den chomhar rathúil laistigh de JIT, beag beann ar thríú Stát a bheith ina chomhalta den JIT freisin. I measc na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu sna JITanna a bhain le tríú Stáit, bhí clásail ar leith i gcomhaontú JIT ina léirítear ceanglais dhlíthiúla intíre, caighdeán agus rialacha éagsúla maidir le fianaise a bhailiú, agus saincheisteanna dlínse agus na féidearthachtaí dlíthiúla maidir le haistriú imeachtaí ag céim luath.
- Is minic a bhí na cúiseanna nár cuireadh JIT ar bun mar an gcéanna le cásanna le Ballstáit AE amháin, amhail a bheith ag réamhchéim róluath chun cinneadh a dhéanamh nó ag céim dhifriúil nó fhorbartha sna himscrúduithe/sna hionchúisimh. I measc na dtosca a bhaineann go sonrach le tríú Stát a bheith páirteach, bhí rialacha éagsúla maidir le nochtadh, easpa comhbhunús dlí chun JIT a bhunú agus an rogha le haghaidh comhair trí MLA a úsáid. nchúisimh.